**Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA)**

# DEIMHNIÚ UM CHRÍOCHNÚ MEASÚNAITHE

**(Ná seol ach an bunleagan comhlánaithe)**

**TABHAIR FAOI DEARA – BA CHEART FOIRM DHEIMHNITHE AMHÁIN UM CHRÍOCHNÚ MEASÚNAITHE (FOIRM 3) A CHOMHLÁNÚ DO GACH DALTA**

## Sonraí na Scoile (le comhlánú ag an bpríomhoide/múinteoir)

Ainm na Scoile:

Uimhir Rolla na Scoile

Ríomhphost na Scoile:

Uimhir Theileafóin na Scoile

Seoladh na Scoile:

## Sonraí an Mheasúnaithe: (le comhlánú ag síceolaí SCPA)

Ceannlitreacha an Dalta:

Dáta Breithe an Dalta:

Dáta an Mheasúnaithe:

An dáta ar seoladh Tuairisc an tSíceolaí chuig an Tuismitheoir (na Tuismitheoirí) agus chuig an Scoil:

Ainm Shíceolaí SCPA:

Uimhir Theil. Shíceolaí SCPA:

Seoladh Shíceolaí SCPA

(PRIONTÁIL le do thoil)

| | **Seicliosta an tSíceolaí** | Ciorclaigh de réir mar is cuí |
|---|---|---|
| 1. | Rinne mé an measúnú seo le cúram agus dúthracht réasúnach agus d'oibrigh mé laistigh de mo réimse inniúlachta féin i gcónaí. | Rinne/Ní dhearna |
| 2. | Rinne mé go pearsanta gach comhpháirt den mheasúnú seo, lena n-áirítear gach tasc agus gníomhaíocht lena mbaineann. | Rinne/Ní dhearna |
| 3. | Chloígh mé le ciorcláin agus doiciméid reatha a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais, ag teacht ó SNSO/an Roinn Oideachais agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS). | Chloígh/Níor chloígh |
| 4. | Sholáthair mé m'ábhair thástála féin, atá oiriúnach agus cothrom le dáta agus sheas mé mo chostais eile as an táille don mheasúnú. | Sholáthair/Níor sholáthair |
| 5. | Chuaigh mé i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí sular oibrigh mé go díreach leis an dalta, ag cinntiú i dtús báire go raibh bonn eolais iomlán faoin toiliú a fuarthas roimhe sin i scríbhinn ó na tuismitheoirí. Ansin phléigh mé na ceisteanna atreoraithe leo agus bhailigh mé eolas cúlra cuí | Chuaigh agus Phléigh/Ní dheachaigh agus níor phléigh |
| 6. | Rinne mé athbhreithniú ar na tuairiscí agus ar na taifid scoile ábhartha roimhe seo maidir leis an dalta seo.<br>Rinne mé tástálacha aonair ar chumas cognaíoch agus ar ghnóthachtálacha agus seicliostaí iompraíochta cuí de réir mar ba ghá. Rinne mé breathnóireacht sa seomra ranga nó sa chlós de réir mar ba ghá. | Rinne/Ní dhearna |
| 7. | Má measadh go raibh sé ríthábhachtach scóir pro rata nó measúnú giorraithe a sholáthar, thug mé cúis shoiléir leis sin i mo thuairisc. | Thug/N/B |
| **8.** | Bhuail mé le tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí an dalta chun aiseolas ó bhéal a thabhairt ar thoradh an mheasúnaithe, chun torthaí agus a n-impleachtaí a mhíniú. | Bhuail/Níor bhuail |
| **9.** | Chuir mé bunchóip chomhlánaithe agus shínithe d'Fhoirm 3 faoi bhráid an phríomhoide, mar aon le cóip den tuairisc mheasúnaithe. | Chuir/Níor chuir |

Deimhním, i ndáil le mo mheasúnú ar __________ (Ceannlitreacha an Dalta), ar an ___________ (dáta), gur chomhlánaigh mé gach céim den phróiseas mar a leagtar amach thuas, agus gur chloígh mé go hiomlán le téarmaí agus coinníollacha na Scéime chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA), a ndéantar achoimre orthu sna céimeanna thuas.

Glacaim leis gur gá íocaíocht i leith an mheasúnaithe seo a dhéanamh ó chistí SCPA amháin agus deimhním nár lorg nó nach bhfuair mé íocaíocht ó aon fhoinse eile. Le linn mo chuid oibre, fuair mé sonraí pearsanta maidir leis an dalta seo agus d'úsáid mé iad chun críche an mheasúnaithe seo agus chun na críche sin amháin. Coinneoidh mé na sonraí sin i gcomhréir le ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí, 2018.

Sínithe:_________________________________(Síceolaí) Dáta: ______________

Sínithe bunaidh amháin – ná tabhair fótachóipeanna

| | **Seicliosta Phríomhoide na Scoile** | Ciorclaigh de réir mar is cuí |
|---|---|---|
| **1.** | Roghnaíodh an dalta a bhain leas as an measúnú síceolaíochta SPCA seo i gcomhréir leis an doiciméad - **Treoirlínte SCPA do Scoileanna – 2023/2024,** atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais (RO). | . Tá/Níl sin déanta |
| **2.** | a) Shocraigh mé* cruinniú le tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla an dalta agus lena linn pléadh na cúiseanna leis an measúnú.<br>b) Comhlánaíodh an **Fhoirm Atreoraithe** (Foirm 2) agus pléadh an t-eolas go léir le tuismitheoirí/caomhnóirí an tuismitheora.<br>c) Míníodh an Fhoirm Thoilithe (Foirm 1) agus thug na tuismitheoirí/caomhnóirí a dtoiliú i scríbhinn don mheasúnú. | Tá/Níl sin déanta |
| **3.** | Chuir mé in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh ré go n-íocann **SNSO/RO** na táillí a bhaineann leis an measúnú a dhéantar faoin scéim seo ina n-iomláine. | Tá/Níl sin déanta |
| **4.** | Ar bhonn **ceadú scríofa** reatha don mheasúnú seo ó SNSO, d'ordaigh mé síceolaí ón bpainéal SCPA **reatha** chun an measúnú seo a dhéanamh. | Tá/Níl sin déanta |
| **5.** | Rinne mé socruithe chun an measúnú a dhéanamh **sa scoil, le linn uaireanta scoile** | Tá/Níl sin déanta |
| **6.** | Sholáthair mé sonraí maidir le **Plean Tacaíochta Dalta** do shíceolaí SCPA de réir mar ba chuí, chomh maith le torthaí tástálacha diagnóiseacha agus scagtha. | Tá/Níl sin déanta |
| **7.** | **D'éascaigh** mé socruithe do chruinnithe idir na tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, agus an síceolaí, de réir mar ba chuí. | Tá/Níl sin déanta |
| **8.** | Tá cóip de **thuairisc an tsíceolaí** san áireamh agam leis an bhFoirm Dheimhnithe um Chríochnú Measúnaithe (Foirm 3) seo. | Tá/Níl sin déanta |

*Tabhair do d'aire. Sa tábla thuas, tagraíonn "mé" do phríomhoide na scoile nó do mhúinteoir atá ainmnithe chun feidhmiú thar a c(h)eann.

Deimhním, i ndáil leis an measúnú ar __________ (ceannlitreacha an dalta), ar an ___________ (dáta), gur chloígh mise, nó múinteoir ainmnithe, le téarmaí agus coinníollacha na Scéime chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA), a ndéantar achoimre orthu sna céimeanna thuas.

Sínithe:_______________________________________(Príomhoide) Dáta: _____________

Sínithe bunaidh amháin – ná tabhair fótachóipeanna

## Athbhreithniú Cáilíochta SPCA- Aiseolas ón Scoil

i. Tá SNSO/RO ag súil go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo.

ii. Táimid ag súil go gcuirfear an measúnú síceolaíochta i gcrích ar bhealach gairmiúil agus go gcuirfear dóthain ama ar fáil don dalta, don tuismitheoir (do na tuismitheoirí) agus don mhúinteoir (do na múinteoirí).

iii. Táimid ag súil go dtabharfar aghaidh ar na hábhair imní atá aitheanta ag na tuismitheoirí agus ag na múinteoirí agus go ndéanfar moltaí atá ábhartha agus úsáideach.

Deimhním gur chuir_______________________________________(ainm an tsíceolaí) an measúnú síceolaíochta seo i gcrích agus **gur shásaigh sé/sí na hionchais thuas.**

Ar an ________________(dáta) fuair an tuismitheoir (na tuismitheoirí)/an caomhnóir(na caomhnóirí) agus an scoil cóip den tuairsc shíceolaíochta.

**TÁBHACHTACH**- Chun an próiseas a chríochnú agus lena chinntiú go bhfaigheann an síceolaí an íocaíocht atá dlite, ba cheart do phríomhoide na scoile an FHOIRM 3 chomhlánaithe **AGUS** CÓIP DEN TUAIRISC SHÍCEOLAÍOCHTA a chur ar ais chuig:

**Riarthóir SCPA**
**SNSO**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna,**
**Urlár 2, Bloc 1**
**Sráid Mhaoilbhríde**
**Baile Átha Cliath 1**

Fiosruithe teileafóin: 01 8892700 Fiosruithe ríomhphoist: scpa@education.gov.ie

**TABHAIR FAOI DEARA:** NÍ MÓR DON SÍCEOLAÍ SCPA AGUS DO PHRÍOMHOIDE NA SCOILE AN FHOIRM SEO (**NA LEATHANAIGH GO LÉIR LE CHÉILE**) A SHÍNIÚ.

CAITHFIDH SNSO Í A FHÁIL LAISTIGH DE **THRÍ MHÍ** Ó DHÁTA AN MHEASÚNAITHE

**AGUS**

CAITHFIDH CÓIP AONTAOBHACH DEN TUAIRISC SHÍCEOLAÍOCHTA A BHEITH IN ÉINEACHT LÉI

**TUILLEADH AISEOLAIS**

Má tú tuilleadh tuairimí nó moltaí agat, maidir leis an measúnú áirithe seo nó leis an bpróiseas foriomlán, cuir isteach ar an taobh eile den leathanach iad nó ar bhileog ar leithligh.

## TUILLEADH AISEOLAIS